



BEARTAS SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Is cuid bhunriachtanach iad seirbhísí airgeadais d'iarrachtaí AE chun an margadh inmheánach a chur i gcrích, faoi shaorghluaiseacht seirbhísí agus chaipitil. Tá dul chun cinn i dtreo comhtháthaithe tagtha i gcéimeanna, ar féidir iad a roinnt mar seo a leanas: (1) asbhaint bacainní iontrála náisiúnta (1957-1973); (2) comhchuibhiú na ndlíthe agus na mbeartas náisiúnta (1973-1983); (3) tabhairt i gcrích an mhargaidh inmheánaigh (1983-1992); (4) cruthú an limistéir airgeadra aonair agus an tréimhse roimh an ngéarchéim (1999-2007); agus (5) athchóiriú i ndiaidh na géarchéime (ó 2007 i leith). Mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE tiocfaidh sraith nua dúshlán chun cinn, le tionchair ionchasacha ar earnáil na seirbhísí airgeadais laistigh de AE agus lasmuigh de.

AN BUNÚS DLÍ

Den chuid is mó, is iad Airteagail 49 (saoirse bhunaíochta), 56 (saoirse chun seirbhísí a sholáthar), 63 (saorghluaiseacht chaipitil) agus 114 (comhfhogasú dlíthe do bhunú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí do threoracha agus do rialacháin a dhéileálann le seirbhísí airgeadais;

CLOCHA MÍLE AR AN MBEALACH I DTREO MARGADH AIRGEADAIS COMHTHÁITE DE CHUID AE

A. Iarrachtaí luatha ar bhacainní iontrála a bhaint

Bhí iarrachtaí luatha chun córais airgeadais na mBallstát a chomhtháthú bunaithe ar phrionsabail na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, le comhordú reachtaíochta agus beartas nuair ba ghá.

Le Conradh na Róimhe, a síníodh in 1957, cruthaíodh an cómhargadh, lenar cuireadh deireadh le constaicí roimh shaorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus chaipitil idir na Ballstáit. Sonraíodh in Airteagal 61(2) go ndéanfar 'an léirscaoileadh ar sheirbhísí baincéireachta agus árachais a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil i gcomhréim leis an léirscaoileadh ar ghluaiseacht chaipitil.' Thug Airteagal 63 sainordú don Chomhairle clár a tharraingt suas chun na srianta a bhí ann cheana a chuir cosc ar an léirscaoileadh sin a dhíothú.

Rinne an Chomhairle amhlaidh in 1962, nuair a ghlac sí cláir ghinearálta um dhíothú srianta ar an [tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar](#) agus [ar an tsaoirse bhunaíochta](#). Chun



na cláir sin a chur chun feidhme, ghlac an Chomhairle roinnt treoracha i réimsí an árachais agus na baincéireachta idir 1964 agus 1973.

B. Comhchuibhiú na rialacha agus na mbeartas náisiúnta

Cuireadh tús le próiseas comhchuibhithe rialacha, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát go háirithe le Treoracha ón gComhairle in 1973 (Céad Threoir um Árachas Neamhshaoil ([73/239/EEC](#)))^[1], 1977 (An Chéad Treoir um Baincéireacht ([77/780/EEC](#)))^[2] agus 1979 (An Chéad Treoir um Árachas Saoil ([79/267/EEC](#)))^[3].

C. Cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh

I mí an Mheithimh 1985, d'fhoilsigh an Coimisiún [Páipéar Bán](#)^[4] inar leagadh amach clár agus tráthchlár soiléir chun an margadh inmheánach a chur i gcrích roimh dheireadh 1992. Áiríodh ann roinn shonrach maidir le seirbhísí airgeadais (míreanna 101-107), a thosaíonn le: 'Beidh an léirscaoileadh ar sheirbhísí airgeadais, a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil, ina léiriú ar chéim mhór chun tosaigh i dtreo chomhtháthú airgeadais an Chomhphobail agus leathnú an mhargaidh inmheánaigh.' Bhí an comhchuibhiú a beartaíodh bunaithe ar phrionsabail de 'cheadúnas baincéireachta aonair', 'aitheantas frithpháirteach' agus 'smacht a bheith ag an tír baile'. Le hIonstraim Eorpach Aonair 1987, tugadh isteach i ndlí príomha AE an sprioc a leagadh amach i bPáipéar Bán 1985.

D. Cruthú an limistéir airgeadra aonair

I mí na Bealtaine 1999, d'fhoilsigh an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Airgeadais (FSAP)^[5], arbh é ba bhunús leis tabhairt isteach an euro agus an spreagadh a thug sé chun dul i ngleic le deighilt mhargaí airgeadais AE a bhí fágtha. Áiríodh 42 bheart reachtacha agus neamhreachtacha in FSAP a bhí le tabhairt i gcrích faoi 2004.

I mí Iúil 2000, chuir an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais (ECOFIN) Coiste na Saoithe maidir le Margaí Urrús Eorpacha a Rialáil ar bun, arna stiúradh ag Alexandre Lamfalussy. I dtuarascáil chríochnaitheach an choiste^[6], arna foilsiú i mí Feabhra 2001, tugadh tátal ar staid reatha mhargadh airgeadais AE agus tugadh moltaí áirithe. Aithníodh go raibh an phríomhfhadhb le fáil i gcreat institiúideach AE, ar measadh é a bheith 'ró-mhall, ró-dholúbtha, casta agus mí-oiriúnach don luas lenar athraigh na margaí airgeadais domhanda'. Mhol an tuarascáil an rud ar a dtabharfaí '[Próiseas Lamfalussy](#)' ar ball, cur chuige reachtach ar cheithre leibhéal nár úsáideadh ar dtús é ach i gcomhair reachtaíocht urrús ach ar leathnaíodh ar ball é chun aghaidh a thabhairt ar réimsí eile de reachtaíocht na seirbhísí airgeadais.

Bhí FSAP tugtha i gcrích den chuid is mó roimh spriocdháta 2004, le 39 as 42 bheart glactha, agus níos mó bainte amach ag cuid acu ná mar a bhíothas ag súil ar dtús. Tugadh isteach dhá bheart in 2005 ina dhiaidh sin, rud a d'fhág nach raibh fágtha ach

[1] IO L 228, 16.8.1973, Ich. 3.

[2] IO L 322, 17.12.1977, Ich. 30.

[3] IO L 63, 13.3.1979, Ich. 1.

[4] Páipéar Bán ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach, *An Margadh Inmheánach a Chur i gCrích*, an 14 Meitheamh 1985.

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *An Creat do Mhargaí Airgeadais a Chur chun Feidhme: Plean Gníomhaíochta*, 11 Bealtaine 1999. <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:51999DC0232&from=EN>

[6] *Tuarascáil chríochnaitheach Choiste na Saoithe maidir le Margaí Urrús Eorpacha a Rialáil*, an 15 Feabhra 2001. https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/2015/11/lamfalussy_report.pdf



an 14ú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí i ndáil le ceanncheathrúna cuideachtaí a aistriú thar teorainn.

E. Athchóiriú iar-ghéarchéime

Ba shaintréith den tréimhse roimh 2007 é comhtháthú méadaitheach agus idirspleáchas na margaí airgeadais, ní hamháin laistigh den Aontas, ach ar leibhéal domhanda freisin. Tháinig deireadh leis sin go tobann nuair a bhris an ghéarchéim dhomhanda amach in 2007-2008 agus an ghéarchéim fiachais Eorpach ina dhiaidh sin, agus thit sreafaí airgeadais trasteorann go géar. Idir Deireadh Fómhair 2008 agus Deireadh Fómhair 2011, d'fhorghas an Coimisiún EUR 4.5 trilliún de bhearta státhabhrach chun cuidiú le hinstiúidí airgeadais^[7]. Léirigh an ghéarchéim an gá práinneach le hathchóiriú a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí airgeadais.

Dá thoradh sin, thug AE faoi athchóiriú nach bhfacthas riamh roimhe sin ar a reachtaíocht seirbhísí airgeadais a bhí ann cheana, bunaithe ar an gclár oibre idirnáisiúnta (a raibh ról tábhachtach ag AE ina fhorbairt) ach freisin faoi athchóirithe féintionscnaimh chun iarrachtaí seanbhunaithe áirithe a chur chun cinn amhail an margadh aonair a chur i gcrích. Tá níos mó ná 50 beart reachtacha agus neamhreachtacha molta ag an gCoimisiún ó bhris an ghéarchéim amach. Tháinig na moltaí is tábhachtaí faoi thionscnaimh shuaitheanta an Aontais, amhail an tAontas Baintéireachta agus Aontas na Margaí Caipitil. Tá leibhéal áirithe láraithe cruthaithe ag na hathchóirithe iar-ghéarchéime mar aon le haistriú freagrachta ón leibhéal náisiúnta chuig an leibhéal Eorpach maidir le roinnt mhaith gnéithe de rialáil agus maoirseacht ar sheirbhísí airgeadais.

Is iad fóraim idirnáisiúnta an príomhleibhéal *de facto* anois maidir le rialacha agus caighdeáin a leagan síos i struchtúr rialála na seirbhísí airgeadais iar-ghéarchéime. Tharla sé sin mar thoradh ar dhomhandú agus idirspleáchas na margaí airgeadais a tháinig chun solais sna blianta roimh an ghéarchéim agus a ndearnadh 'éifeacht tadhlachta' dhomhanda astu i ndiaidh bhriseadh amach na géarchéime sna Stáit Aontaithe. Bhí comhaontú forleathan ann go raibh gá le dul i ngleic le dúshlán rialála ar an leibhéal idirnáisiúnta. D'éirigh fóraim agus comhlachtaí amhail G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB), Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaintéireacht (CBMB), an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), níos tábhachtaí agus, in go leor cásanna, bhí tús áite acu thar phróisis chinnteoireachta AE a bhí bunaithe cheana.

[7]Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach, *Bearta bainistithe géarchéime nua chun tarrtháil banc amach anseo a sheachaint*, an 6 Meitheamh 2012. http://europa.eu/rapid/press-release_IP-12-570_en.htm



PRÍOMHREACHTAÍOCHT AE UM SHEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS ATÁ I BHFEIDHM

A. Baincéireacht

1. An Treoir um Cheanglais Chaipitil (CRD) (2013/36/EU) [8] agus an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) ((AE) Uimh. 575/2013)[9], dá dtagraítear go comhpháirteach mar CRD IV.

Is trasuí é CRD IV, arna ghlacadh in 2013, ar rialacha Basel III a cuireadh in oiriúint d'earnáil bhaincéireachta na hEorpa, a chuireann [tosaíochtaí 2010](#) na Parlaiminte san áireamh. Leagtar síos le CRD rialacha maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, le faireachán stuamachta agus le rialachas corparáideach. Bunaítear le CRR an t-íosleibhéal agus na rialacha maidir le conas ceanglais chaipitil, maoláin leachtachta agus cóimheasa gearála a ríomh. I mí na Samhna 2016, mhol an Coimisiún leasuithe ar CRD IV/CRR (ar ar tugadh CRD V), den chuid is mó chun na forbairtí is déanaí laistigh de Chreat Choiste Basel agus an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais a léiriú. I mí na Nollag 2017, ghlac an Coimisiún tograí chun rialacha stuamachta do ghnólachtaí infheistíochta a leasú, atá faoi réir na rialacha céanna leis na bainc faoi láthair. I mí Bealtaine 2019, ghlac na comhreachtóirí pacáiste athchóirithe baincéireachta, lena n-áirítear leasuithe ar reachtaíocht na gceanglas caipitil.

2. An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD) (2014/59/EU)[10] Féachtar le BRRD, a ghlacadh in 2014, go gcuirfear cosc ar bhainc atá ag cliseadh le hairgead cáiníocóirí trí shásra 'tarrthála inmheánaigh' a thabhairt isteach, a áirithíonn go bhfuil tús áite ag geallsealbhoirí agus ag creidiúnaithe na mbanc chun a gcaillteanas a chumhdach. Ceanglaíonn sé ar na Ballstáit freisin cistí réitigh náisiúnta a bhunú arna maoiniú roimh ré ag institiúidí creidmheasa agus ag gnólachtaí infheistíochta chun caillteanais gan íoc a chumhdach. Leagtar síos le BRRD freisin rialacha don chosc (pleananna téarnaimh agus réitigh) agus don luath-idirghabháil ag údaráis inniúla náisiúnta.

3. An Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRMR) (806/2014)[11]

Tá an creat Eorpach um réiteach banc á chomhlánú le SRMR, arna ghlacadh in 2014, ina leagtar amach forálacha do na Ballstáit atá rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. I mí na Samhna 2016, mhol an Coimisiún leasuithe ar BRRD agus SRMR chun ionchorprú a dhéanamh ar chaighdeán TLAC (acmhainn iniomparthachta caillteanas iomlán) do bhainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIBanna), a áirithíonn go mbeidh go leor cistí ag na bainc sin, má chliseann orthu, chun iad féin a réiteach ar bhealach ordúil. I mí na Nollag 2017, ghlacadh ceann de na leasuithe ar BRRD ([2017/2399](#))[12] i nós imeachta mear. As seo, bhíodhas in ann aicme nua a chruthú d'urrúis fiachais shinsearaigh 'neamhthosaíochta' chun a áirithiú go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a gcuirtear síos orthu i gcaighdeán TLAC. I mí Bealtaine 2019, ghlac na comhreachtóirí sraith chuimsitheach athchóirithe arna moladh

[12] IO L 345, 27.12.2017, lch. 96.



ag an gCoimisiún chun neart breise a thabhairt d'athléimneacht agus d'inréititheacht bhainc AE, lena n-áirítear BRRD agus SRMR.

B. Margáí Airgeadais

1. Treoir maidir le Margáí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID)

Ó 2004, le MiFID I ([2004/39/CE](#))^[13] leagadh síos caighdeáin aonfhoirmeacha lena rialaítear trádáil urrús, a chruthaigh níos mó iomaíochais agus a rinne cosaint infheisteoirí a fheabhsú. In 2014, glacadh athbhreithniú ar an Treoir (MiFID II) ([2014/65/EU](#))^[14] agus Rialachán (MiFIR) ([600/2014](#))^[15], lena bunáodh creat dlíthiúil nua. Leis an gcreat sin, tugtar isteach roinnt forálacha atá dírithe ar chosaint tomhaltóirí a fheabhsú. Mar shampla, ní féidir le cleachtais luach saothair na ngnóilachtaí infheistíochta a bheith i gcoibhleacht lena ndualgas gníomhú chun leas an chustaiméara. Is é an 3 Eanáir 2018 dáta chur i bhfeidhm MiFID II agus MiFIR.

2. Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR) (648/2012)[16]

Le EMIR, a glacadh in 2012, leagtar amach rialacha maidir le conarthaí díorthacha thar an gcuntar (OTC), contrapháirtithe lárnacha (CCPanna) agus stóirthe trádála. Féachann sé le cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, riosca sistéamach a mhaolú agus trédhearcacht a mhéadú i margadh OTC. In 2015 agus 2016, thug an Coimisiún faoi athbhreithniú ar EMIR, as ar tháinig dhá leasú reachtacha a ghlac na comhreachtóirí i mí Bealtaine 2019.

C. Árachas

1. Treoir Sócmhainneacht II (2009/138/CE)[17]

Le Sócmhainneacht II, a glacadh in 2009, rinneadh na rialacha ilroinnte a bhí ann cheana maidir le hárachas neamhshaoil, árachas saoil agus earnálacha athárachais a chomhchuíbhíú. Leis an Treoir, leagtar amach rialacha maidir le húdarú do dhul i mbun gnó, ceanglais chaipitil, bainistiú riosca agus faireachán ar eagraíochtaí árachais dhíriú agus athárachais. In 2014, leasaíodh Sócmhainneacht II le hOmnibus II, chun an struchtúr nua maoirseachta agus, go háirithe, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) a chur san áireamh. Cuireadh spriocdháta do thrasuíomh Sócmhainneacht II ar athló ina dhiaidh sin agus tháinig sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016.

D. Seirbhísí Íocaíochta

1. Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta 2 (PSD 2) (2015/2366)[18]

Tháinig PSD 2 i bhfeidhm an 12 Eanáir 2016 agus bhí feidhm leis ón 13 Eanáir 2018. Leagtar diancheanglais slándála síos leis d'íocaíochtaí leictreonacha agus do chosaint shonraí airgeadais na dtomhaltóirí. Osclaíonn sé an margadh freisin do sholáthraithe a thairgeann seirbhísí íocaíochta bunaithe ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcuntas íocaíochta. Tá forálacha in PSD 2 freisin maidir le húdarú agus maoirseacht na n-institiúidí airgeadais.

[13] IO L 145, 30.4.2004, lch. 1.

[14] IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

[15] IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.



RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ó Chonradh na Róimhe in 1957 go dtí an lá atá inniu ann, tá méadú tagtha ar ról na Parlaiminte sa chinnteoireacht maidir le seirbhísí airgeadais, ó bheith srianta sa nós imeachta comhairliúcháin go dtí go raibh sí ar chomhchéim leis an gComhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

De réir phróiseas ‘Lamfalussy’ maidir le reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais a ghlacadh agus a chur chun feidhme, glacann an Pharlaimint, in éineacht leis an gComhairle dlíthe bunúsacha (leibhéal 1) faoin ngnáthnós imeachta reachtach. Tá ról grinnscrúdaithe ag an bParlaimint freisin maidir le bearta cur chun feidhme ar leibhéal 2 a ghlacadh.

Tá tacaíocht leanúnach tugtha ag an bParlaimint d’obair an Choimisiúin, ag bogadh pléití chun cinn go minic roimhe seo agus ag eisiúint a tograí féin chun a seasamh a dhéanamh soiléir. De bhua a cur chuige réamhghníomhaigh, bíonn an Pharlaimint le feiceáil go soiléir sa díospóireacht leanúnach leis an gCoimisiún, leis an gComhairle agus le hinstiúidí idirnáisiúnta eile maidir le forbairt an struchtúir maoirseachta agus rialála do mhargaí airgeadais agus maidir le bealaí a aimsiú chun dul i ngleic leis an riosca sistéamach.

Laistigh den Pharlaimint is é an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON), an príomhchoiste do sheirbhísí airgeadais.

I ndiaidh don ghéarchéim dhomhanda a thosú, bhunaigh an Pharlaimint Coiste Speisialta um an nGéarchéim Airgeadais, Eacnamaíoch agus Shóisialta (CRIS)^[19]. Mhair a shainordú ó mhí Dheireadh Fómhair 2009 go dtí mí Iúil 2011. Ghlac an Pharlaimint dhá rún mar thoradh ar obair Choiste CRIS: [rún meántéarmach in 2010](#) agus [rún críochnaitheach in 2011](#)

Dražen Rakić / Denitza Dessimirova
05/2019

[19]Parlaimint na hEorpa, *Coiste Speisialta um an nGéarchéim Airgeadais, Eacnamaíoch agus Shóisialta*, Iúil 2011. <http://www.europarl.europa.eu/document/activities/cont/201109/20110901ATT25750/20110901ATT25750EN.pdf>

